

Beartas maidir le hÍocaíochtaí Prasa

Caitheann Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (BOOÁCDL) an-dúthacht chun a sholáthraithe a íoc go pras. Chuige sin, is féidir le soláthraithe cabhrú tríd an méid a leanas a chinntiú

- Go seoltar sonraisc bhailí díreach chuig Scoileanna/Ionaid
- Go luaitear Uimhir Ordaithe Ceannaigh bhailí de chuid BOOÁCDL ar na sonraisc

An Reachtaíocht maidir le hÍoc Pras Cuntas

Rialaítear íoc sonrasc ag BOOÁCDL leis an Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997 arna leasú leis na Rialacháin ó na Comhphobail Eorpacha (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2012 - I.R. 580 de 2012. Bíonn feidhm chothrom ag na Rialacháin sin maidir leis na hearnálacha poiblí agus príobháideacha araon, agus foráiltear leo go mbeifí i dteideal úis agus cúitimh go huathoibríoch i gcás ina mbíonn íocaíocht i leith idirbhearta tráchtálacha déanach. Bíonn an tÚis Pionósach bunaithe ar ráta an Bhainc Cheannais Eorpaigh amhail an 1 Eanáir agus an 1 Iúil gach bliain. Is féidir teacht ar an ráta reatha anseo [An Ráta Úis ar Íocaíochta Déanacha - An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta \(enterprise.gov.ie\)](http://enterprise.gov.ie).

Ní mheasann BOOÁCDL sonrasc a bheith faighte ach amháin sa chás gur eisíodh chuig an Scoil/Ionad ceart é agus go bhfuair an Scoil/an tIonad é, agus Uimhir Ordaithe Ceannaigh bhailí de chuid BOOÁCDL air.

Bíonn PPI dlite ar shonraisc nach bhfuil íochta 30 lá tar éis

- Na hearraí nó na seirbhísí a fháil
- Dáta fála an tsonraisc
- An dáta ónar réitíodh saincheisteanna/díospóidí

cé acu díobh is déanaí.

Déantar ús a ríomh maidir leis an tréimhse a thosaíonn ar an dáta tar éis an dáta dlite agus a chríochnaíonn ar an dáta a ndearnadh an íocaíocht.

Ní féidir leis an soláthraí íocaíocht úis nó cúitimh a tharscaoileadh agus ní mór iad a bheith san áireamh sa mhéid is iníochta i leith na n-earraí nó na seirbhísí gan é a bheith ar an soláthraí an íocaíocht sin a éileamh.

Chomh maith le hús a fháil ar íocaíocht dhéanach, tá an soláthraí i dteideal cúiteamh uathoibríoch (gan a bheith air/uirthi meabhrúchán a eisiúint). Foráiltear sa sceideal leis an Ionstraim Reachtúil do mhéid an chúitimh is iníochta faoi Rialachán 9 mar a leanas:

Méid an tSonraisc	Cúiteamh
Suas le €1,000	€40
Idir €1,000 agus €10,000	€70
Os cionn €10,000	€100

Uimh. Bheartais:	PL/036	Uimh. an Leagain:	l1.2021
Leaganacha roimhe seo:	N/B	Le hÉifeacht ón:	20/09/2021
Faofa/Fordhearbhaithe ag an mBord 20/09/2021		Dáta an Athbheithnithe:	Meán Fómhair 2023

Fiosruithe maidir le Sonraisc

I gcás aon fhiosruithe agus/nó lochtanna i ndáil le sonrasc an tsoláthraí nach féidir íocaíocht a dhéanamh dá dtoradh, tá deich lá oibre ag BOOÁC DL chun dul i dteagmháil leis an soláthraí (ar an nguthán nó tríd an ríomhphost) le hiarradh air/uirthi an sonrasc a atheisiúint. Nuair a ghlacann BOOÁC DL leis an sonrasc ceartaithe, tá an creidiúnaí i dteideal ús a fháil i ndáil le híocaíocht dhéanach tar éis 30 lá féilire i ndiaidh dháta fála na n-earraí ceartaithe nó na seirbhísí ceartaithe, nó i ndiaidh dháta fála an tsonraisc cheartaithe, cibé acu is déanaí.

Ní héilítear leis an reachtaíocht go n-íocfar soláthraí má theip air/uirthi cloí le hiarratas chun deimhniú imréitigh cánach a sholáthar, nó má dhiúltaigh sé/sí déanamh amhlaidh, agus cuireann an reachtaíocht síneadh leis an teorainn ama reachtúil le haghaidh íocaíochta i gcás go bhfuil moill i gceist leis an deimhniú imréitigh cánach a sholáthar. Ina theannta sin, níl tionchar ag an Acht ar cháin shiarchoinneálach a bhaint ó aon íocaíocht le soláthraí.

Gearáin agus Díospóidí

Má tá gearán nó ceist agat maidir le sonrasc a íoc, téigh i dteagmháil le PaymentsHO@ddletb.ie.

Riachtanas Íocaíochta 15 Lá, Iúil 2011

Rinne an Rialtas an ceanglas neamhreachtúil is infheidhme maidir le Ranna Rialtais Láir a shíneadh chuig na comhlachtaí poiblí go léir ó mhí Iúil 2011 i leith, chun an tréimhse íocaíochta do Chomhlachtaí Poiblí lena soláthraithe a laghdú ó 30 lá go dtí 15 lá. Tá gach iarracht á déanamh, i gcomhréir leis na nósanna imeachta airgeadais iomchuí, chun a chinntiú go n-íoctar na soláthraithe uile laistigh den tráthchlár sin. Ag an nasc seo [Tuairisceáin BOOÁC DL maidir le hÍoc Pras](#), léirítear feidhmíocht BOOÁC DL maidir leis an gceanglas chun íocaíocht a dhéanamh laistigh de 15 lá ón uair a tugadh isteach é.

Uimh. Bheartais:	PL/036	Uimh. an Leagain:	l1.2021
Leaganacha roimhe seo:	N/B	Le hÉifeacht ón:	20/09/2021
Faofa/Fordhearbhaithe ag an mBord 20/09/2021		Dáta an Athbheithnithe: Fómhair 2023	Meán